Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en, de)

13337/25
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0290 (COD)**

CODEC 1377
MI 697
ENT 188
CONSOM 190
SAN 580
COMPET 930
CHIMIE 89
ENV 904

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le sábháilteacht bréagán agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/48/CE **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle<br>- Ráitis |

**Ráiteas ón Ostair**

Tacaíonn an Ostair leis an gcuspóir feabhas breise a chur ar an ardleibhéal cosanta a atá ann cheana trí athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir 2009/48/CE maidir le Sábháilteacht Bréagán, go háirithe a mhéid a bhaineann le cosaint ar cheimiceáin ghuaiseacha agus forfheidhmiú níos éifeachtaí. Is díol sásaimh don Ostair an t-aistriú chuig rialachán, tabhairt isteach an phas táirge dhigitigh le haghaidh bréagán agus an tagairt shainráite d’oibleagáidí oibreoirí le haghaidh margaí ar líne.

Tugtar faoi deara, áfach, nár tugadh aghaidh sa téacs comhréitigh ar thángthas air ar phríomhábhair imní na hOstaire maidir le hin-fhorfheidhmitheacht agus deimhneacht dhlíthiúil na bhforálacha:

- Feictear don Ostair, i ngeall ar fhorálacha áirithe atá beartaithe, go mbeidh ualach suntasach riaracháin agus costais bhreise ar an ngeilleagar agus ar an riarachán, gan aon fheabhas suntasach a bheith á chur ar an leibhéal cosanta atá ann faoi láthair. Go háirithe, a mhéid a bhaineann leis na forálacha meabhairshláinte agus an toirmeasc ginearálta ar cheimiceáin ghuaiseacha, measann an Ostair go bhfuil éiginnteachtaí dlíthiúla suntasacha agus fadhbanna tromchúiseacha praiticiúla ann ó thaobh na hin-fhorfheidhmitheachta de.

- Ina theannta sin, mar thoradh ar scriosadh beartaithe na tréimhse díolacháin in Airteagal 57, tá córas comhthreomhar ann ina bhfuil idir tháirgí le pas táirge digiteach agus táirgí gan pas táirge digiteach ar an margadh. Cruthaíonn sé sin dúshláin shuntasacha don fhaireachas margaidh agus cuireann sé bac freisin ar fhorfheidhmiú an Rialacháin ar bhealach atá aonfhoirmeach agus fónta ó thaobh an dlí de sa chleachtas.

De thoradh na n-ábhar imní sin, staonfaidh an Ostair ón vótáil chríochnaitheach.

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Déanann an Coimisiún meastóireacht thráthrialta chórasach ar cheimiceáin ghuaiseacha a bheith i mbréagáin, agus an fhianaise eolaíoch atá ar fáil á cur san áireamh, d'fhonn na teorainnluachanna nó na coinníollacha maidir le substaintí ceimiceacha sonracha nó meascáin cheimiceacha shonracha a bheith i mbréagáin a oiriúnú i gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán 2025/... maidir le sábháilteacht bréagán. Chun na críche sin, iarrfaidh an Coimisiún tuairim ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán maidir le sábháilteacht nítreasaimíní agus substaintí ar féidir nítreasaimíní a dhéanamh díobh i mbréagáin, i bhfianaise an nochta fhoriomláin, laistigh de 12 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin. Chun na críche céanna, iarrfaidh an Coimisiún tuairim ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán maidir le sábháilteacht luaidhe, caidmiam, mearcair agus cróimiam vi i mbréagáin, i bhfianaise an nochta fhoriomláin, laistigh de 24 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin.